2026/680

16.4.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 256/2025**

**an 5 Nollaig 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/680]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1465 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2025 maidir le hullmhóid arb é atá inti *Enterococcus faecium* ATCC 53519 agus ullmhóid arb é atá inti *Enterococcus faecium* ATCC 55593 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1468 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2025 maidir le húdarú ullmhóid arb é atá inti *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 669 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1426 ón gCoimisiún) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'670. **32025 R 1465**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1465 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2025 maidir le hullmhóid arb é atá inti *Enterococcus faecium* ATCC 53519 agus ullmhóid arb é atá inti *Enterococcus faecium* ATCC 55593 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2025/1465, 23.7.2025).

671. **32025 R 1468**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1468 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2025 maidir le hullmhóid arb é atá inti *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2025/1468, 23.7.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1465 agus (AE) 2025/1468 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 2025/1465, 23.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1465/oj.
([2]) IO L 2025/1468, 23.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1468/oj.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Nollaig 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Stefán Haukur JÓHANNESSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.